Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8673/26**

**SOC 228**
**EMPL 101**
**SAN 259**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair thar ceann na hOstaire |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair thar ceann na hOstaire**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair[1], agus go háirithe Airteagal 3 de,

[1] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 5 Márta 2025[2], cheap an Chomhairle lánchomhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 6 Márta 2025 go dtí an 5 Márta 2028.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir ionadaithe eagraíochtaí na bhfostóirí tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Clemens ROSENMAYR a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag Rialtas na hOstaire don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Cinneadh ón gComhairle an 5 Márta 2025 lena gceaptar lánchomhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (IO C C/2025/1689, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1689/oj).

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Katja SCHAGER ina comhalta den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Clemens ROSENMAYR ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 5 Márta 2028.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*